Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Aonad na Seirbhísí Custaiméirí,
Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

Customer Services Centre,
Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8
T. 01 222 2259  E. parkingpermits@dublincity.ie

**IARRATAS AR CHEAD PÁIRCEÁLA CÓNAITHEORA (BALL TEAGHLAIGH NEAMHCHÓNAITHEACH)**

**Seolfar do chead chuig do sheoladh mar a bheidh tugtha ar an bhfoirm iarratais seo**

**NÍ MÓR DUIT GACH COINNÍOLL LASTALL A LÉAMH AGUS GACH CEIST THÍOS A FHREAGAIRT SULA SÍNÍONN AGUS A gCUIREANN TÚ AN tIARRATAS SEO ISTEACH**

**(A) Sonraí an Chónaitheora**

1. Sloinne: ____________________ 2. Céadainm/neacha: ____________________

3. Seoladh: ________________________________________

________________________________________

Éirchód: ____________________

4. Uimhir Theileafóin Teagmhála: ____________________

**(B) Sonraí an Neamh-Chónaitheora**

1. Sloinne: ____________________ 2. Céadainm/neacha: ____________________

3. Seoladh: ________________________________________

________________________________________

4. Uimhir Theileafóin Teagmhála: ____________________

Ríomhphost: ____________________

5. Gaol leis an gCónaitheoir: ____________________

6. An bhfuil an cónaitheoir ag (A) ina c(h)ónaí in árasán?: TÁ ______ NÍL ______

7. Líon iomlán na n-aonad tithíochta san fhoirgneamh: ____________

8. An bhfuil páirceáil seachbhóthair ar fáil ag an bhfoirgneamh? TÁ ______ NÍL ______

9. An bhfuil d'fheithicil incháilithe? (Féach coinníoll 4 lastall) TÁ ______ NÍL ______

10. Uimh. Clárúcháin Feithicle: ____________________

11. Táillí: €400 nó €50 do 1 bhliain amháin. Féach Coinníoll 6 lastall le haghaidh an táille infheidhme.

**Le haghaidh úsáid oifige amháin:**

**Uimh. Ceada:**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**Méid Dlite:** **Dáta Eisithe**

| | |
|---|---|
| € | |

U/B ______F/S ______L/A _______

I/C _______D/L _______Doc L ________

Ceannlitreacha ______

**Deimhním go bhfuil coinníollacha 1 go 15 lastall léite agam agus go bhfuil na sonraí thuas fíor.**

**Síniú an Iarratasóra (Neamhchónaitheach):** ____________________ **Dáta:** ____________

**CUIRFEAR AR AIS IARRATAIS NEAMHSHÍNITHE/NEAMHIOMLÁNA.**

**SEICLIOSTA TÁBHACHTACH**

**INIAIGH FIANAISE CÓNAITHE REATHA AN CHÓNAITHEORA, LITIR Ó DHOCHTÚIR AN CHÓNAITHEORA, CÓIP DE DHEIMHNIÚ ÁRACHAIS, CÓIP DE CHEADÚNAS TIOMÁNA REATHA IOMLÁN NÓ SEALADACH NEAMHCHÓNAITHEACH AGUS TÁILLE CHUÍ.**
**Nuair a bheidh siad próiseáilte, déanfaidh Comhairle Cathracha Bhaile Átha Cliath foirmeacha iarratais agus cáipéisí tacaíochta a choinneáil ar feadh shaolré an cheada agus scriosfar iad ina dhiaidh sin.**

**Ná cuir airgead tirim tríd an bpost. Ba chóir Seiceanna/Orduithe Poist a bheith iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Más mian leat íoc le Visa, Laser nó Mastercard, deimhnigh go bhfuil na sonraí teagmhála agatsa thuas fíor. Déanfar teagmháil leat chun íocaíocht a ghlacadh chomh luath is go gceadaítear an iarratas.**

## FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH UM RIALÚ PÁIRCEÁLA - COINNÍOLLACHA

1. Is féidir leis an gComhairle Cathrach cead páirceála cónaitheora a eisiúint le dhá uimhir clárúcháin ar a mhéid ar an gcead, le haghaidh beirt gharbhall teaghlaigh neamhchónaitheacha a fheidhmíonn mar chúraimeoirí deonacha don chónaitheoir a bhfuil a g(h)náthionad cónaithe i gcrios ceada páirceála do chónaitheoirí agus a éilíonn cúram leanúnach laethúil i leith breoiteachta ainsealaigh. Eiseofar cead páirceála an chónaitheora, i.e. cead speisialta, gach bliain, faoi réir deimhnú(-nithe) árachais garbha(i)ll teaghlaigh a bheith curtha ar fáil maraon le deimhniú scríofa ó dhochtúir an chónaitheora go bhfuil cúram leanúnach laethúil de dhíth ar an gcónaitheoir de bharr breoiteachta ainsealaigh.

2. Eisítear cead speisialta i leith an aonaid tithíochta ina gcónaíonn an cónaitheoir a éilíonn cúram leanúnach laethúil, ar choinníoll nach rachfar thar an uasmhéid cead páirceála atá ineisithe faoi na fodhlíthe seo don aonad tithíochta.

3. Ciallaíonn garhbhall teaghlaigh céile, athair, máthair, deartháir, deirfiúr, mac, iníon, neacht, nia, aintín nó uncail.

4. Ciallaíonn feithicil incháilithe (a) feithicil paisinéara le cóiríocht paisinéara ann do líon nach mó ná dáréag, lasmuigh den tiománaí, agus gan leantóir ná feithicil eile a tharraing aici, agus (b) feithicil earraí nach mó a meáchan gan lasta ná 3 thonna, agus gan leantóir ná feithicil eile á tarraing aici.

5. Níl ceadanna speisialta ineisithe do chónaitheoirí i mbloic árasáin comhdhéanta de níos mó ná 4 aonad tithíochta i gcrios móréilimh.

6. <u>Táillí</u>: €400 do 1 bhliain amháin má tá níos mó ná 4 aonad tithíochta i bhfoirgneamh an chónaitheora, páirceáil sheachbhóthair ar fáil aige, agus é suite i gcrios íoséilimh (tithe athchóirithe agus bloic árasáin san áireamh)

   €400 do 1 bhliain amháin sa chás gur teach athchóirithe é foirgneamh an chónaitheora, agus níos mó ná 4 aonad tithíochta ann, páirceáil sheachbhóthair ar fáil aige agus é suite i gcrios móréilimh

   €50 do 1 bhliain amháin do gach cás incháilithe eile nach bhfuil clúdaithe sa dhá chatagóir thuas.

7. Nuair atá níos mó ná 4 aonad tithíochta i dteach athchóirithe agus é suite i gcrios móréilimh, is é 4 chead cónaitheoirí an teidlíocht fhoriomlán don fhoirgneamh sin, nó is é an cuóta ceadanna an teidlíocht fhoriomlán don fhoirgneamh sin (más infheidhme) más mó é, faoi réir 1 chead cónaitheora in aghaidh gach aonaid tithíochta.

8. Ciallaíonn cuóta ceadanna an líon iomlán de cheadanna páirceála cónaitheoirí a bhí i seilbh ag cónaitheoirí i dteach athchóirithe, ina bhfuil níos mó ná 4 aonad tithíochta, ar 31 Márta 2004.

9. Níl cead speisialta bailí ach amháin don fheithicil agus don tsráid/do na sráideanna ceada páirceála a thaispeántar ar an gcead.

10. Cé go n-eisíonn an Chomhairle Cathrach fógra athnuachana do gach sealbhóir ceada, is é an sealbhóir ceada féin atá freagrach as athnuachan gach cead speisialta i.e. ball teaghlaigh neamhchónaitheach.

11. Cealóidh agus aistarraingeoidh an Chomhairle Cathrach nó diúltóidh sí athnuachan ar an gcead speisialta atá ag aon sealbhóir, má chinntear go bhfuair an sealbhóir ceada an cead sin trí fhaisnéis nó doiciméadú míchruinn a thabhairt.

12. Ní thugann seilbh ceada páirceála cónaitheora ráthaíocht do shealbhóirí go mbeidh spás páirceála acu i gcónaí ar bhóthar/bhóithre an cheada páirceála.

### DOICIMÉADÚ LE CUR ISTEACH LEIS AN IARRATAS SEO

13. Dearbhú scríofa ó dhochtúir an chónaitheora go bhfuil cúram leanúnach laethúil de dhíth ar an gcónaitheoir i leith breoiteachta ainsealaigh.

14. Caithfidh tú 2 chruthúnas reatha eile maidir le cónaitheacht (i.e. ar a bhfuil dáta nach faide ná 3 mhí ó shin) a sheoladh ar aghaidh ar a dtaispeántar d'ainm agus do sheoladh (uimhir árasáin san áireamh, más infheidhme) ón méid seo a leanas: billí fóntais, ráitis airgeadais, nó cáipéisíocht eile, a nglacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leo. B'fhéidir go mbeidh fiosrúcháin bhreise le déanamh agus b'fhéidir go ndéanfaidh ball den Rannóg Forfheidhmithe Páirceála teagmháil leat.

15. Cóip de Dheimhniú Árachais reatha an bhaill teaghlaigh neamhchónaitheach don fheithicil lena (h)ainm, a s(h)eoladh agus uimhir clárúcháin feithicle.

16. Ní mór duit cóip de Cheadúnas Tiomána Iomlán nó Sealadach an Neamhchónaitheora a chur isteach.

**Tabhair faoi deara nach nglacfaidh an Chomhairle Cathrach leo seo a leanas: Deimhnithe Árachais sealadach, cártaí mótar-árachais Idirnáisiúnta ("cártaí glasa"); dioscanna árachais; sceidil árachais; fógraí athnuachana árachais; admhálacha agus litreacha in áit an Deimhnithe Árachais.**

**Le haghaidh breis eolais a bhaineann leis an Ráiteas Príobháideachas nó polasaithe ar chosaint sonraí, breathnaigh ar http://www.dublincity.ie/privacy-statement?language=ga, más é do thoil é.**